Reference No: E109/8/65; **Date:** 17/02/65

Ciorclán 4/1965:- An Paipear Ban um Athbheochan na Gaeilge
A Dhuine Uasail,

Tá ordú agam ón Aire Airgeadais tagairt a dheanamh don Phaipear Ban a foilsiodh le deanai ina leagtar amach beartas ginearalta an Rialtais i leith na Gaeilge agus a dtuairimi ar mholtai an Choimisiuin um Athbheochan na Gaeilge.

2. Leiritear in alt 258 den Phaipear Ban gur ar na Ranna a mbaineann na beartuithe sonracha ata leagtha amach ann leo go direach a bheidh se de churam iad a chur i bhfeidhm - agus, i dtosach baire, go mbeidh comhordu agus maoirsiu ginearalta ar a bhfeidhmiúa dheanamh ag an Roinn seo. Os rud e go bhfuil geallta ag an Rialtas go n-oibreofar ar bhealach rianúil chun an aidhm náisiúnta i leith na teanga a thabhairt i gcrich, nior mhiste do gach Roinn scrudu speisialta a dheanamh go luath ar chlar an Phaipeir Bhain ionas go gcuirfear tus gan mhoill leis na bearta is ga do gach Roinn faoi leith a dheanamh.

3. Chun go bhfeadfar tuarascail ghinearalta a chur faoi bhraid an Rialtais (agus os comhair an phobail freisin - feach alt 260 den Phaipear Ban), iarrfar ar do Roinn ar ball raiteas a chur chun na Roinne seo a leireoidh go cruinn an meid ata deanta maidir le feidhmiu gach breith sa Phaipear Ban a bhaineann le do Roinn, no le haon oifig no foras Stat-urraithe ata faoina curam.

4. Mas ga aon cheist a chur chun na Roinne seo ar an teileafon i dtaobh an chiorclain seo, is feidir glaodh ar 67571 - sineadh 11.

Mise, le meas,

Lughaidh Mac Gearailt.